Bord Gáis Energy
samhlaímis

Sa bhaile

Deireadh Fómhair / Samhain 2009

SAN EAGRÁN SEO

Sábháil, sábháil, sábháil le Bord Gáis Energy

Fág slán leis an dtranglam **billeáil gan pháipéar**

Clúdaigh suas go deas te an geimhreadh seo

Déan an Big Switch do na **coigiltis mhóra**

Fáilte chuig Sa bhaile

Tá deireadh lenár samhradh fliuch faoin am seo. Tá na páistí ar ais ag an scoil, tá na duilleoga ag titim ó na crainn, tá na laethanta ag éirí níos giorra agus tá fuacht le brath san aer. Mar sin cas an téamh ar siúl, suí síos ar an tolg agus lig do scíth leis an eagrán is déanaí de Sa bhaile.

Sábhail, sábháil, sábháil... san eagrán seo tugaimid eolas duit ar conas is féidir leat mórán coigiltis a dhéanamh. ón 1 Deireadh Fómhair 2009 táimid ag laghdú praghas an gháis nádúrtha faoi mheán **9.3%*** a fhagfaidh tú le níos mó airgid i do phóca. Faigh amach conas comhairle saineolach a fháil ar conas níos mó coigiltis a dhéanamh ar do bhille trí do theach a **insliú** i gceart. Sínigh suas dár **mbilleáil gan pháipéar** nua agus laghdaigh an páipéar i do bhosca litreach, fad is atá tú ag déanamh iarracht don chomhshaol ag an am céanna.

Cuir an citeal ar siúl mar sin, múch an fón agus bain taitneamh as an eagrán is déanaí de Sa bhaile. Má tá ceist ar bith agat, seol rphost chugainn ag **athome@bordgais.ie.** Cuimhnigh, táimid anseo chun cabhrú leat.



TRACY KENNEDY *Ceannasaí Oibríochtaí Custaiméara*
BORD GÁIS ENERGY

STAITSTIC TÁBHACHTHA

Os cionn 200,000
is ea líon na ndaoine a rinne an Big Switch go leictreachas ó Bord Gáis Energy.

9.3%* Laghdú
Tá áthas orainn laghdú de 9.3%* ar an meán a fhógairt i gcostas gáis nádúrtha.

Faoi 21 Iomáint
Cluiche iontach eile a bhí i gCluiche Ceannais Iomána Faoi-21 Bord Gáis Éireann a d'fháig an bua ar deireadh ag Contae an Chláir ar Co. Chill Chainnigh. Scór deiridh An Clár 0-15 0-14 Cill Chainnigh

9.3%* LAGHDÚ PRAGHAIS
I bpraghasanna an gháis nádúrtha ón 1 Deireadh Fómhair, 2009

Táimid i gcónaí ag lorg slite chun airgead a shábháil duit. Tá a fhios againn go dteastaíonn uait taitneamh a bhaint as gás ar níos lú airgid, go háirithe na laethanta seo. Mar sin tá dea-scéal againn duit.

Ón 1 Deireadh Fómhair 2009 bainfidh ár gcustaiméirí tairbhe as meán laghdú praghais de 9.3%*. Léiríonn tionchar an athraithe seo, comhcheangailte leis an laghdú praghais a fógraíodh i mBealtaine an bhliain seo, meán-laghdú de 19.5% i bpraghasanna gáis nádúrtha do chustaiméirí cónaitheacha.

Féach ar an tábla thíos chun a fháil amach an méid a shábhálfaidh tú ag brath ar cén taraif a bhaineann leat.

** meán-choigilt bunaithe ar 13,800kWh in aghaidh na bliana.*

Níos mó coigiltí iontacha le Bord Gáis Energy

GNÁTH-THARAIF CHÓNAITHE

	ROIMHE (CBL SAN ÁIREAMH)	ROIMHE (GAN CBL)	NUA (CBL SAN ÁIREAMH)	NUA (GAN CBL)
Táille sheasta	€59.02	€52.00	€68.10	€60.00
Praghas aonaid	5.464	4.814	4.851	4.274

TARAIF GAN MUIREAR SEASTA

	ROIMHE (CBL SAN ÁIREAMH)	ROIMHE (GAN CBL)	NUA (CBL SAN ÁIREAMH)	NUA (GAN CBL)
Leibhéal 1 - Aonaid	3550	3550	3550	3550
Leibhéal 2 - Ráta	7.254	6.391	6.836	6.023
Leibhéal 2 - Ráta	5.464	4.814	4.851	4.274

TARAIF SÁBHÁLA UM GHEIMHREADH

	ROIMHE (CBL SAN ÁIREAMH)	ROIMHE (GAN CBL)	NUA (CBL SAN ÁIREAMH)	NUA (GAN CBL)
Táille sheasta	€241.80	€213.04	€223.03	€196.50
Aonaid chuachta	3420	3420	3420	3420
Praghas aonaid	5.464	4.814	4.851	4.274

TARAIF ÚSÁIDEORA CHÓNAITHE MÓIR

	ROIMHE (CBL SAN ÁIREAMH)	ROIMHE (GAN CBL)	NUA (CBL SAN ÁIREAMH)	NUA (GAN CBL)
Táille sheasta	€59.02	€52.00	€68.10	€60.00
Ráta tráchtearra	3.652	3.218	2.844	2.506
Ráta Cumais	1.925	1.696	2.096	1.847

€ / Buaic kWh lae

Tá dhá eilimint sa tharaif seo, an muirear seasta agus an muirear don gás nádúrtha a úsáideann tú.

Is do chustaiméirí ar fearr leo gan buanmhuirear a íoc an taraif seo. Ina áit sin tá dhá léibhéal táillí ann: gearrtar an chéad 3,550 aonad ag an ráta ar Leibhéal 1, leis na haonaid ina dhiaidh sin ag an ráta ar Leibhéal 2.

Taraif sábhála Gheimhridh, tá táille sheasta de€223.03 (€196.50 gan CBL) sa bhliain. Tá sé seo cothrom le 61.1 cent in aghaidh an lae, agus tá tú i dteideal ansin 3,420 aonaid chuachta a fháil thar tréimhse an gheimhridh gan táille bhreise a ghearradh ort. Cabhraíonn sé seo le costas d'úsáid gháis a chothromú i rith na bliana, rud a chabhraíonn na billí is mó a íoc le linn mhíonna an Gheimhridh.

Má tá aon cheist agat faoi na coigiltis seo tabhair cuairt ar ár suíomh Gréasáin le do thoil ag ***www.bordgaisenergy.ie*** *nó cuir glaoch orainn ag* ***1850 632 632***

Fág slán leis an dtranglam
le billeáil gan pháipéar

Táimid ar fad ar ár ndícheall ar son na timpeallachta agus is rud maith i gcónaí é níos lú tranglaim. Sin é an fáth atá rogha billeála gan pháipéar tugtha isteach againn. Ní hamháin go ngearrann sé síos ar an méid páipéir a fhaigheann tú féin, ach laghdaíonn sé an méid páipéar a úsáidimid. Dá bhrí sin tá sé níos fearr duit-se agus don timpeallacht.

Seo mar a oibríonn sé. In ionad bille a fháil ar pháipéar, gheobhaidh tú fógra rphoist nuair atá an bille réidh le feiceáil ar líne. Ní fhéadfadh sé a bheith níos simplí.

Sa bhreis ar an méid páipéir a bhíonn i do bhosca litreach a laghdú, ceadaíonn rogha billeála gan pháipéar duit féachaint ar gach bille stairiúil ar líne. Fágann sé seo níos fusa é comhadú agus aisghabháil a dhéanamh ar sheanbhillí. Is féidir leat na roghanna íocaíochta céanna de Dhochar Díreach nó Íocaíocht Ar Líne a úsáid, rud a thugann níos mó smachta duit ar do chostais.

Chun an rogha bileála gan pháipéar a roghnú, níl ort ach logáil isteach go **www.bordgaisenergy.ie/paperless** agus cláraigh chun cuntas a chruthú trí na treoracha éasca a leanúint ar an scáileán. Má bheartaíonn tú riamh, ar fhilleadh, is furasta dul ar ais le díreach cúpla clic den luch am ar bith.

A luaithe is atá tú cláraithe do chuntas ar líne:

1. Cliceáil ar an rogha billeála gan pháipéar ar thaobh clé an scaileáin.
2. Cuir ar siúl an rogha billeála gan pháipéar ar an gcuid 'make me paperless' a thagann aníos agus ní bhfaighidh tú bille eile tríd an bpost.
3. Nuair a roghnaíonn tú billeáil gan pháipéar a úsáid, seolfaimid rphost deimhniúcháin chugat.

Clúdaigh suas go
deas te an geimhreadh seo

Ar nós daoine, is gá tithe a chlúdach i gceart le bheith amuigh sna heilimintí. Is ionann insliú teaghlaigh agus an scairf agus hata teolaí a choimeádann an teas istigh agus an fhuacht amuigh! Gan insliú cuí, caileann do theaghlach teas luachmhar trí fhrámaí na bhfuinneog, fallaí agus suas trí an áiléar go dtí an díon. Tá saineolaithe ó Fuinneamh Inmharthana Éireann (SEI) a deir gur féidir suas le 40% sa bhliain a shábháil ar do bhillí fuinnimh ach do theach a insliú i gceart. Sin sábháil nach féidir neamhaird a dhéanamh de.

Tá sé níos fusa ná mar a shamhlófá do theach a insliú. Is féidir leat gach ní is a theastódh uait a fhoghlaim ó na saineolaithe i Fuinneamh Inmharthana Éireann (SEI) ag **www.sei.ie**. Is féidir iarratas a dhéanamh ar dheontas rialtais le cabhrú leat costais an inslithe a chlúdach. Tá gach eolas ar fáil ar www.sei.ie/hes nó is féidir glaoch ar Glao-Áitiúil 1850 927 000.

sei SUSTAINABLE ENERGY IRELAND | power of one

DÉAN AN **BIG SWITCH** DO NA COIGILTIS MHÓRA

Tá breis agus 200,000 duine ag fónamh as na coigiltis mhóra tar éis malartú go leictreachas ó Bord Gáis Energy. Bí leo inniu agus is féidir leat na coigiltis mhóra a dhéanamh chomh maith. Sábhálfaidh tú idir 12%* agus 14%* ar ráta aonad an ESB trí mhalartú anois. Tá scéal níos fearr fós againn, aon uair a thitfidh praghsanna an ESB, titfidh ár bpraghsanna chomh maith. Go simplí, tá tú níos fearr as linne.

Tá sé éasca an athrú a dhéanamh. Le do bhille leictreachais reatha ar lámh agat, glaoigh orainn ag 1850 46 56 66 nó tabhair cuairt ar www.thebigswitch.ie agus déanfaimid an chuid eile.

Nuair a dhéanann tú an malartú mór go Bord Gáis Energy soláthraítear do chuid leictreachais sa tslí chéanna is a déantaí roimhis sin, an méadar céanna, sreanganna céanna. An t-airgead a bheidh á choigilt agat.

TEIL: 1850 46 56 66
thebigswitch.ie

**Tá an lascaine seo ag baint le ráta aonaid taraif teaghlaigh infheidhmithe an ESB, agus feidhmíonn sé ar chaitheamh leictreachais na chéad bhliana. Dá bhrí sin, rachaidh gnáth-tharaif lascaine Bord Gáis Energy i bhfeidhm, atá ráthaithe a bheith ar a laghad 5 % faoi rátaí aonad an ESB do bhliain a dó agus bliain a trí. Téann téarmaí agus coinníollacha i bhfeidhm.*